**2008. S.45T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

## CLÓSCRÍOBH - GNÁTHLEIBHÉAL
**(100 MARC)**

### DE hAOINE, 30 Bealtaine, 9.30 a.m. – 11.40 a.m.

**TREORACHA**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 – 9.40 a.m. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

* Ní mór tabhairt faoi gach ceist.

* Clóscríobh do Scrúduimhir ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh **'L'** i ndiaidh do Scrúduimhreach má tá clóscríobhán neamhleictreonach (láimhe) á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht, etc., ach amháin sa Triail Chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhíshlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.

* Scríobh do Scrúduimhir ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh **'L'** i ndiaidh do Scrúduimhreach má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamhleictreonach).

* **Ná cuir** do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

---

**CEISTEANNA**

**1. Triail Chruinnis** (9.40 a.m. – 9.50 a.m.) (25)

1.1 Déan cóip charbóin de do chuid oibre. Dealófar marcanna mura ndéanfar seo.

1.2 Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d'orlach amháin ar an dá thaobh den pháipéar.

1.3 Dealófar marcanna má dhéantar ceartúchán ar bith.

1.4 Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht seo, nó aon chuid de, den dara huair.

1.5 Tabhair **an chóip chlóbhuailte** agus **an chóip charbóin** de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar an dá chóip ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur in ord leis an gcuid eile de do chuid cleachtaí.

**2. Litir Ghnó** (25)

2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

**3. Ráiteas Táblaithe** (30)

3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata **i ndúch**.

**4. Foirm Áirithinte** (20)

4.1. Taispeáin an Fhoirm Áirithinte go héifeachtach.
4.2. Lárnaigh **gach** líne go cothrománach agus an fhoirm iomlán go ceartingearach ar an leathanach.

**(100 MARC)**

**<u>CEIST 1 – TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD)</u>**

- **Déan cóip charbóin de do chuid oibre.**
- **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d'orlach amháin ar dhá thaobh an leathanaigh.**
- **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúchán ar bith.**
- **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó aon chuid de, den dara huair.**
- **Tabhair <u>an chóip chlóbhuailte</u> agus <u>an chóip charbóin</u> de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur in ord leis an gcuid eile de do chuid cleachtaí.**

---

Déan dearmad ar gach uile rud atá cloiste agat riamh faoi hiéanaí. Is seafóid ar fad nó piseogacht lom iad formhór na scéalta a insíonn daoine fúthu.

Sa bhéaloideas, ceaptar go mbíonn cailleacha feasa agus draoithe ag marcaíocht ar hiéanaí nó go n-athraíonn said ina hiéanaí. Chuir Peter Jackson orcanna ag marcaíocht chun catha ar warganna a bhí bunaithe aige ar hiéanaí ina scannán The Lord of the Rings. Léiríodh hiéanaí mar bhithiúnaigh chearta in The Lion King agus in The Chronicles of Narnia. Go fiú Buffy an Vampire Slayer, léiríonn sé hiéanaí ar bhealach diúltach; in eachtra amháin, téann spioraid phaca hiéanaí isteach i roinnt mac léinn ionas go n-éiríonn said cruálach agus trodach.

Is raiméis ar fad é. Le fírinne, ba cheart meas a bheith ag gach duine ar spéis leo an nádúr nó an timpeallacht ar scroblachóirí seo an fhásaigh. Is iad na feoiliteoirí amháin iad atá in ann conablach iomlán a alpadh agus ar an gcaoi sin tá ar a gcumas glantachán a dhéanamh i ndiaidh ainmhithe eile.

Is ainmhithe an-chliste iad hiéanaí. Comhartha amháin dá gclisteacht is ea a modhanna straitéiseacha seilge. Ní thuigeann eolaithe fós cén fáth a mbíonn an baineannach i gceannas shochaí na hiéanaí, rud is annamh i ríocht na n-ainmhithe.

**(25 MARC)**

**<u>CEIST 2 – LITIR GHNÓ</u>**

**CLÓSCRÍOBH AN LITIR GHNÓ SEO A LEANAS LE DO THOIL. NÍL CÓIP CHARBÓIN DE DHÍTH. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH RIACHTANACH.**

---

Tag SÓC/(do thúslitreacha féin)

21 Bealtaine 2008

Máire Iníon Uí Mhurchú
47 Fionnbhrú
Port Mearnóg
Baile Átha Cliath 15

A Iníon Ui Mhurchú,

Go raibh maith agat as d'fhiosrúchán maidir leis an teach atá fógartha againn le déanaí. Faoi mar a d'iarr tú tá sonraí faoi chóiríocht an tí seo á leagan amach again:

- <u>Seomra Suí</u> Toisí 13' x 10' le hurlár adhmaid de Dhair Mheiriceánach, cuirtíní agus dallóga.
- <u>Seomra Bia/Cistin</u> Toisí 23'x 11' le tinteán álainn marmair. Tá urlár adhmaid Mailpe ann. Sa Chistin tá cistin fheistithe le raon iomlán d'Fheistí Miele ionsuite, agus barr oibre eibhir.
- <u>Seomra Codlata 1</u> Toisí 14'x 12' le cairpéad feistithe, cuirtíní agus vardrús ionsuite.
- <u>Seomra Codlata 2</u> Toisí 12' x 13' le cairpéad feistithe, cuirtíní agus vardrús feistithe.

Tá seomra folctha en-suite ag gach seomra codlata, tá a lán gnéithe faiseanta ag baint leis an teach agus tá na seomra go léir sreangaithe do chineama baile mórthimpeall.

Thart ar thrí bliana d'aois atá an teach agus tá an struchtúr agus an bhailchríoch air gan locht ar fud an tí. Is trí gheata leictreonach atá teacht ar an teach.

Má theastaíonn breis sonraí uait, ar mhiste leat é sin a chur in iúl dúinn, toisc nach bhfanann tithe dá leithéid i bhfad ar an margadh.

Le dea-ghuí

____________________
Séan Ó Coileáin IPAV
Ceantálaí & Luachálaí

**(25 MARC)**

## CEIST 3 – RÁITEAS TÁBLAITHE

**RÉITIGH AN RÁITEAS TÁBLAITHE SEO A LEANAS AR PHÁIPÉAR A4.**
**TAISPEÁIN GO hÉIFEACHTACH I STÍL BHLOIC NÓ I STÍL LÁRNAITHE É.**

---

## ÓSTÁIN LE MERIEDIEN

| RÁTAI 2008* | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Buaicshéasúr (Beal – D. Fómh) | | Seach-Bhuaicshéasúr (Samh – Aib) | |
| Cathair | Seomra Dúbailte | Suite Sóisearach | Seomra Dúbailte | Suite Sóisearach |
| Londain | €189.00 | €240.00 | €150.00 | €200.00 |
| Dún Éideann | €195.00 | €220.00 | €145.00 | €190.00 |
| Maidrid | €195.00 | €240.00 | €155.00 | €235.00 |
| Páras | €285.00 | €360.00 | €235.00 | €260.00 |
| An Róimh | €285.00 | €330.00 | €245.00 | €265.00 |
| Flórans | €290.00 | €310.00 | €230.00 | €240.00 |

* Is iad na rátaí a luaitear, na rátaí ar sheomra in aghaidh na hoíche gan bricfeasta san áireamh, agus beirt ag comhroinnt.
Tá na rátaí ar sheomra teaghlaigh le fail ach iad a iarraidh.
Níl eitiltí ná aistrithe ón aerfort san áireamh sna praghsanna atá luaite.

**(30 MARC)**

**CEIST 4 – FOIRM ÁIRITHINTE**

**TAISPEÁIN AN FHOIRM ÁIRITHINTE SEO A LEANAS AR BHILEOG DE PHORTRÁID A4. LÁRAIGH GACH LÍNE GO COTHROMÁNACH AGUS GO CEARTINGEARACH AR AN LEATHANACH.**

---

**AOI TOSAÍOCHTA LE MERIEDIEN**

**FOIRM RÉAMHÁIRITHINTE**

| | |
|---|---|
| **AINM:** ________________________ | **UIMHIR BHALLRAÍOCHTA:** __________ |
| **SEOLADH:** ________________________ | **UIMHIR PHAS:** ________________________ |
| ________________________ | **TEILEAFÓN LAE:** ____________________ |
| ________________________ | **TEILEAFÓN PÓCA:** ____________________ |
| **OSTÁN ATÁ Á LORG:** ____________________ | **SEOLADH R-PHOIST:** ________________ |

**CATHAIR:** ________________________________________________

**DÁTA TEACHTA:** ________________________________________________

**DÁTA IMEACHTA:** ________________________________________________

**CINEÁL SEOMRA ATÁ Á LORG:** ________________________________________________

**LÍON SEOMRAÍ ATÁ Á LORG:** ________________________________________________

**MODH ÍOCAÍOCHTA:** ________________________________________________

**(20 MARC)**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

Leathanach Bán